

Bitheolaíocht

Treoir don Dalta GCE

Má dhéanann tú staidéar ar an Bhitheolaíocht ag AS nó A-leibhéal, ligfidh sin duit eolas i bhfad níos doimhne a fháil ar an ábhar ná a bheadh agat agus tú ag staidéar ag leibhéal GCSE. Topaicí a bhfuil eolas agat orthu ó GCSE, déantar staidéar orthu ar dhóigh i bhfad níos mionchruinne agus déantar iad a nuashonrú le forbairtí comhaimseartha san ábhar.

Chomh maith leis sin, cuideoidh topaicí nua amhail an bhithcheimic agus an bhitheolaíocht mhóilíneach leat tuiscint níos doimhne a fháil ar an ábhar ina iomlán agus nascanna a dhéanamh idir réimsí difriúla den bhitheolaíocht.



Cad chuige a ndéanfá staidéar ar an Bhitheolaíocht?

Is í staidéar na beatha í an bhitheolaíocht, agus mar orgánaigh chasta bheo muidne féin, bíonn cuid mhór againn ag iarraidh níos mó a fháil amach faoin dóigh a bhfeidhmíonn ár gcorp. Trí fhiosrú a dhéanamh ar an bhitheolaíocht ag an leibhéal seo, thig leat níos mó a fhoghlaim faoin dóigh a bhfásann orgánaigh agus faoin dóigh a bhfeidhmíonn siad, chomh maith le foghlaim faoin dóigh a mbíonn siad ag idirghníomhú lena chéile agus leis an timpeallacht atá acu.


Ní hamháin go bhfaighidh tú amach an dóigh ar lig micreascóip chumhachtacha leictreonacha dúinn cealla planda agus ainmhithe a fhiosrú go mionchruinn, ach foghlaimeoidh tú faoi na móilíní as a bhfuil na cealla seo déanta agus feicfidh tú go bhfuil struchtúr nasctha go dlúth le feidhm sa bhitheolaíocht, fiú ag an leibhéal seo.

Chomh maith leis an imscrúdú seo ar na haonaid is lú sa bhitheolaíocht, déanfaidh tú staidéar ar an ‘mhórphictiúr’ trí fhoghlaim faoi phobail agus éiceachórais, chomh maith le ról uilíoch an ADN (DNA) maidir le héagsúlacht na beatha ar an phláinéad a chothabháil.

Tá rannáin éagsúla curtha isteach againn ar fhorbairtí comhaimseartha sa bhitheolaíocht le cúrsa atá den 21ú haois go fíor a chruthú. Mar shampla, beidh tú ag foghlaim faoin dóigh a gcuireann timthriall cille atá curtha as a riocht le forbairt na hailse, chomh maith le fáil amach faoin dóigh a bhfeidhmíonn roinnt cógas frithailse leis an ghalar a thabhairt faoi smacht.

Bitheolaíocht

Treoir don Dalta GCE




Cad é air a ndéanfaidh mé staidéar?

Aonad	Réimsí Staidéir
AS 1: Móilíní agus Cealla	San aonad seo, déanfaidh tú staidéar ar bhloic thógála na beatha; móilíní agus cealla, mar is iad seo dúshraith na n-orgánach beo. Tabharfar bunéolas duit fosta ar an choincheap den dóigh a bhfuil struchtúr nasctha le feidhm.
AS 2: Orgánaigh agus Bithéagsúlacht	Clúdaíonn an t-aonad seo fiseolaíocht na bplandaí agus na n-ainmhithe. Déanfaidh tú staidéar ar shamplaí d'iompar agus de mhalartú sa dá ghrúpa, chomh maith le himscrúdú a dhéanamh ar na prionsabail a rialaíonn na meicníochtaí seo. Leanann seo chuig coincheap an oiriúnaithe, i gcomhthéacs staidéar na ngnáthóg. Chomh maith leis sin, foghlaimeoidh tú faoi phrionsabail an rangúcháin agus na bithéagsúlachta.
AS 3: Scileanna Praiticiúla sa Bhitheolaíocht AS	Trí do chuid staidéar AS, déanfaidh tú gníomhaíochtaí praiticiúla atá deartha le cuidiú leat coincheapa agus próisis a thuiscint, nó le feiniméin bhitheolaíocha a léiriú, agus déanfaidh tú iad a thuairisciú.
A2 1: Fiseolaíocht, Comhordú agus Rialú, agus Éiceachórais	San aonad seo, beidh tú ábalta fiseolaíocht an duine a fhiosrú níos mionchruinne, agus foghlaimeoidh tú faoi chomhordú agus rialú, chomh maith le cosaintí an choirp ar ghalar. Beidh tú ag tógáil ar an éiceolaíocht a ndearnadh staidéar uirthi ag A-leibhéal trí ghrúpaí daonna agus phobail a imscrúdú, chomh maith le timthriallta cothaitheach agus sreabhadh fuinnimh.
A2 2: Bithcheimic, Géineolaíocht agus Treochtaí Éabhlóideacha	Déantar staidéar ar an ghéineolaíocht ó réimse peirspictíochtaí san aonad seo, ar a n-áirítear patrúin oidhreachta, géineolaíocht pobail agus éabhlóid. Tá seo nasctha le staidéar na géineolaíochta móilíní, agus déantar imscrúdú ar an dóigh a rialaíonn ADN (DNA) gníomhaíochtaí na cille. Déantar staidéar ar chonairí bithcheimiceacha ar a n-áirítear riospráid agus fótaisintéis ar dhóigh measartha mionsonraithe san aonad seo.
A2 3: Scileanna Praiticiúla sa Bhitheolaíocht	Mar a bhí le AS 3, trí do chuid staidéar A-leibhéal, déanfaidh tú gníomhaíochtaí praiticiúla atá deartha le cuidiú leat coincheapa agus próisis a thuiscint, nó le feiniméin bhitheolaíocha a léiriú, agus déanfaidh tú iad a thuairisciú.

Bitheolaíocht

Treoir don Dalta GCE



Cad é mar a dhéanfar measúnú orm?

Aonad	Cur Síos ar an Mheasúnú	Ualú
AS 1: Móilíní agus Cealla	Tá scrúdú scríofa ann, a mhairfidh 1 uair 30 nóiméad. Iarrfar ort idir sé cinn agus ocht gcinn de cheisteanna struchtúrtha éigeantacha a fhreagairt, chomh maith le haiste a scríobh ar thopaic ón aonad seo.	37.5% de AS 15% den A-leibhéal
AS 2: Orgánaigh agus Bithéagsúlacht	Tá scrúdú scríofa ann, a mhairfidh 1 uair 30 nóiméad. Iarrfar ort idir sé cinn agus ocht gcinn de cheisteanna struchtúrtha éigeantacha a fhreagairt, chomh maith le haiste a scríobh ar thopaic ón aonad seo.	37.5% de AS 15% den A-leibhéal
AS 3: Scileanna Praiticiúla sa Bhitheolaíocht AS	<p>Cuirfidh do mhúinteoir cuid den mheasúnú i gcrích, trí d'obair a mharcáil ar thascanna praiticiúla a rinneadh i rith na bliana. Cuirfear do mharcanna as seacht gcinn de scrúduithe praiticiúla isteach mar chomhpháirt den mheasúnú inmheánach san aonad seo.</p> <p>Chomh maith leis sin, beidh scrúdú scríofa ann, a mhairfidh 1 uair an chloig agus ina mbeidh idir seacht gcinn agus deich gcinn de cheisteanna struchtúrtha.</p>	25% de AS 10% den A-leibhéal
A2 1: Fiseolaíocht, Comhordú agus Rialú, agus Éiceachórais	Tá scrúdú scríofa ann, a mhairfidh 2 uair 15 nóiméad. Iarrfar ort idir sé cinn agus naoi gcinn de cheisteanna struchtúrtha éigeantacha a fhreagairt, chomh maith le haiste a scríobh ar thopaic ón aonad seo.	24% den A-leibhéal
A2 2: Bithcheimic, Géineolaíocht agus Treochtaí Éabhlóideacha	Tá scrúdú scríofa ann, a mhairfidh 2 uair 15 nóiméad. Iarrfar ort idir sé cinn agus naoi gcinn de cheisteanna struchtúrtha éigeantacha a fhreagairt, chomh maith le haiste a scríobh ar thopaic ón aonad seo.	24% den A-leibhéal
A2 3: Scileanna Praiticiúla sa Bhitheolaíocht	<p>Cuirfidh do mhúinteoir cuid den mheasúnú i gcrích, trí d'obair a mharcáil ar thascanna praiticiúla a rinneadh i rith na bliana. Cuirfear do mharcanna as cúig cinn de scrúduithe praiticiúla isteach mar chomhpháirt den mheasúnú inmheánach san aonad seo.</p> <p>Chomh maith leis sin, beidh scrúdú scríofa ann, a mhairfidh 1 uair 15 nóiméad agus ina mbeidh idir ocht gcinn agus deich gcinn de cheisteanna struchtúrtha.</p>	12% den A-leibhéal

Bitheolaíocht

Treoir don Dalta GCE

Cad é thig liom a dhéanamh le cáilíocht sa Bhitheolaíocht?

Leis an cháilíocht seo, thioctadh leat dul ar aghaidh le staidéar breise a dhéanamh ar an bhitheolaíocht nó i réimse leathan de dhisciplíní a bhaineann léi, sin nó thioctadh leat dul isteach i saol na hoibre, áit a mbeidh an-tóir ar chuid mhór de na scileanna atá forbartha agat.

Má bhíonn eolas ag duine ar phróisís na bitheolaíochta, bíonn impleachtaí aige sin ar réimse leathan limistéar a bhfuil bun-tábhacht leo, ar a n-áirítear sláinte, táirgeacht bia, caomhantas agus, limistéar atá ag méadú i rith an ama, teicneolaíocht. Ní hamháin sin, ach is féidir le cáilíocht sa bhitheolaíocht bheith inmholta nó riachtanach le staidéar breise a dhéanamh sa leigheas, san altracht, san fhiacloireacht, sa tréidliacht, i dteiripe cainte agus teanga, sa chógaseolaíocht, san fhiseolaíocht, san eolaíocht bhithleighis, san eolaíocht fhóiréinseach agus sa talmhaíocht. Tríd an tsonraíocht seo a leanúint, forbróidh tú scileanna a bhfuil meas orthu i mBreisoideachas agus in Ardoideachas, ar a n-áirítear cumas próisís chasta a thuiscint, anailís agus luacháil a dhéanamh ar chleachtais, fadhbréiteach agus taighde, chomh maith le scileanna praiticiúla amháil micreascóp a úsáid, trealamh a láimhseáil agus saothar allamuigh a dhéanamh.

Cuid mhór de na scileanna seo, tá ardmheas orthu san ionad oibre, mar a dtig leis an chumas coincheapa úra a thuiscint go gasta agus le feabhsúcháin a mholadh ar chleachtais sheanbhunaithe bheith thar a bheith úsáideach. Is scil thábhachtach inaistrithe é fosta an cumas sonraí atá léirithe i réimse foirmeacha a thuiscint, ar a n-áirítear teachtaireachtaí téacs, táblaí agus graif, scil a fhorbraítear trí staidéar a dhéanamh ar an bhitheolaíocht ag an leibhéal seo.

Le tuilleadh eolais a fháil, tabhair cuairt ar **Shuíomh Gréasáin CCEA** leis an tacaíocht agus na nuashonrúcháin is úrnua a fháil don ábhar seo.

